

Kerry Education and Training Board
Bord Oideachais agus Oiliúna
Chiarraí

Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na
hInscní 2024



Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
Kerry Education and Training Board

Clár an ábhair



Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
Kerry Education and Training Board

<u>Réamhrá</u>	3
<u>Anailís ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023</u>	4
<u>Ráiteas ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023</u>	6

1. RÉAMHRÁ

Leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní 2021, tugadh isteach an bunús reachtaíochta chun tuairiscú a dhéanamh ar an mbearna phá idir na hinscní. De bharr na rialachán, beidh eagraíochtaí ina bhfuil os cionn 250 fostaí faoi cheangal dlí tuarascáil a sholáthar faoin mbearna phá idir na hinscní a bhí san eagraíocht sa bhliain 2024.

Is é seo an Tuarascáil faoin mBearna Phá idir na hInscní de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí). Bunaíodh í ar ghrúpa fostaithe a ndearnadh anailís orthu ar 29 Meitheamh 2024. Is éard atá sa bhearna phá ná an difear idir an meánphá san uair idir fir agus mná in eagraíocht, beag beann ar shinsearach.

Ní mór d'fhostóirí tuairisc a sholáthar maidir le sé bheart éagsúla, bunaithe ar roghbhlúire de shonraí pá ar dháta roghnaithe ag Oifig Comhionannais an Rialtais (I.R. Uimhir 264 de 2022):

1. Bearna phá airmheánach idir na hinscní – an difríocht idir ráta pá airmheánach in aghaidh na huaire a fhaigheann fir i bpost lánaimseartha ábhartha agus mná i bpost lánaimseartha ábhartha.
2. Meánbhearna phá idir na hinscní – an difríocht idir an mheánráta pá a fhaigheann fir i bpost lánaimseartha ábhartha agus mná i bpost lánaimseartha ábhartha.
3. Bearna bhónais airmheánach – an difríocht idir an bónas airmheánach a íoctar le fir i bpost ábhartha agus le mná i bpost ábhartha.
4. Meánbhearna bónais – an difríocht idir an meánphá bónais a íoctar le fir i bpost ábhartha agus le mná i bpost ábhartha.
5. Comhréir na mbónas – comhréir na bhfostaithe fireann agus baineann ábhartha a fuair bónas sa tréimhse ábhartha.
6. Bandaí pá ceathairíleacha – comhréir na bhfostaithe fireann agus baineann i bpoist lánaimseartha ábhartha sna ceithre bandaí pá ceathairíleacha – íseal, méaníseal, meánuachtarach agus uachtarach.

Ina theannta sin, ní mór d'fhostóirí ráiteas a fhoilsiú ina leagtar amach, i dtuairim na bhfostóirí, an fáth go bhfuil bearna phá idir na hinscní ina gcomhlacht, agus na bearta atá á ndéanamh nó a bheidh á ndéanamh ag an bhfostóir chun deireadh a chur leis an mbearna phá sin nó í a laghdú.

2. ANAILÍS AR AN mBEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ 2024

Ar an iomlán, is é seo an miondealú inscne a bhí ann: Fireann **34.05%**
Baineann **65.95%**

- Páirtaimseartha Fireann **29.68%** Baineann **70.32%**
- Lánaimseartha Fireann **37.23%** Baineann **62.77%**
- Sealadacha Fireann **100%** Baineann **0%**

Dáta Roghbhlúire	30ú Meitheamh 2024	Meán: 3.42% Airmheán: -1.19%
Tréimhse thuairiscithe – Ó	1ú Iúil 2023	
Tréimhse thuairiscithe – Go dtí	29ú Meitheamh 2024	

Líon na nDaoine ar an Dáta Roghbhlúire

Líon na nDaoine	Fostaithe Lánaimseartha	Fostaithe Páirtaimseartha	Líon iomlán na bhFostaithe	Fostaithe sealadacha
Fireann	223	138	364	2
Baineann	376	327	705	N/B
Iomlán	599	465	1069	N/B

Méadracht ar an mBearna Phá idir na hInscní [Rialacháin 7(1), 8(1), 9(1), 10(1)]

Bearna Phá idir na hInscní san Íocaíocht in aghaidh na hUaire				
	Meán	%	Airmheán	%
Fostaithe Lánaimseartha	R.7(1)(a)	3.39%	R.8(1)(a)	-3.95%
Fostaithe Páirtaimseartha	R.7(1)(b)	2.01%	R.8(1)(b)	-0.27%
Oibrithe Sealadacha	R.7(1)(c)	100%	R.8(1)(c)	100%

Bearna Phá idir na hInscní maidir le Bónas				
	Meán	%	Airmheán	%
Bónas	R.9(1)(a)	N/B	R.9(1)(b)	N/B

	% na bhFostaithe Fireann		% na bhFostaithe Baineann	
% atá ag fáil Bónas	R.9(1)(c)	N/B	R.9(1)(c)	N/B
% atá ag fáil Sochar Comhchineáil	R.9(1)(d)	N/B	R.9(1)(d)	N/B

Ceathairíleanna Pá	% Fireann		% Baineann	
Ceathairíl 1	<i>R. 10(1)(a)</i>	50.91	<i>R. 10(1)(a)</i>	49.09
Ceathairíl 2	<i>R. 10(1)(b)</i>	49.92	<i>R. 10(1)(b)</i>	50.08
Ceathairíl 3	<i>R. 10(1)(c)</i>	50.58	<i>R. 10(1)(c)</i>	49.42
Ceathairíl 4	<i>R. 10(1)(d)</i>	49.89	<i>R. 10(1)(d)</i>	50.11

Is é an ionadaíocht fhoriomlán idir fireann agus baineann ar fud na heagraíochta ná 34.05% Fir agus 65.95% Mná. Léiríonn an tuarascáil Meánbhearna Pá Inscne de 3.42% agus Meánbhearna Pá Inscne de -1.19%

Is é an Meán an meán, arna ríomh tríd an difríocht idir an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe fireann agus an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe mná arna shloinneadh mar chéatadán den ráta in aghaidh na huaire fireann.

Léiríonn an tuarascáil meánfhigiúr dearfach (3.42%) a chiallaíonn go bhfuil meánráta in aghaidh na huaire na bhfear níos airde 3.42% ná meánráta in aghaidh na huaire na mban ar an dáta snapshot, 30ú Meitheamh, 2024.

Is é an **tairmheán** an figiúr a thiteann i lár an raon ina bhfuil ráta in aghaidh na huaire na bhfostaithe go léir liostaithe, ón ráta is ísle go dtí an ceann is airde. Is féidir leis seo léiriú níos cruinne a sholáthar ar na difríochtaí pá.

Léiríonn an **Mheánráta** Pá Inscne go bhfuil an meánráta pá do mhná 1.19% níos airde ná an meánráta pá d'fhir.

Léiríonn an tuarascáil difríocht idir an **mheánbhearna** pá agus an bhearna phá airmheánach, d'fhéadfadh sé seo a léiriú go mbíonn tionchar ag grúpa saothraithe níos airde ar na sonraí.

Fostaithe Lánaimseartha:

Bhí thart ar 56% dár bhfostaithe go léir ar an 30 Meitheamh 2024 ag obair go lánaimseartha. Díobh sin ba fhir iad 37.23% agus baineann 62.77%.

Meánbhearna Phá idir na hInscní d'fhostaithe lánaimseartha

Is í an meánbhearna phá idir na hinscní in aghaidh na huaire ná 3.39% i bhfabhar fostaithe fireann.

Bearna Phá Airmheánach d'fhostaithe lánaimseartha

Is í an bhearna phá airmheánach d'fhostaithe lánaimseartha ná 3.95% i bhfabhar fostaithe baineann.

Fostaithe páirtaimseartha:

Bhí thart ar 43.5% dár bhfostaithe go léir ar an 30 Meitheamh 2023 ag obair go páirtaimseartha. Díobh sin ba fhir iad 29.68% agus ba mhná iad 70.32%.

Meánbhearna phá idir na hInscní d'fhostaithe páirtaimseartha

Is í an meánbhearna phá idir na hInscní in aghaidh na huaire d'fhostaithe páirtaimseartha ná 2.01% i bhfabhar fostaithe fireann.

Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní d'fhostaithe páirtaimseartha

Is í an bhearna phá airmheánach idir na hInscní d'fhostaithe páirtaimseartha ná 0.27% i bhfabhar fostaithe baineann.

Bannaí Pá Ceathrún:

Taispeánann an tuarascáil líon na bhfostaithe a thagann laistigh de na bandaí pá in aghaidh na huaire íochtarach, meán íochtarach, meán uachtarach agus ceathairíl uachtarach.

D'fhoill fhostaithe a ghrúpáil sna bandaí pá ceathairíl seo, rinneadh gach ráta pá in aghaidh na huaire a shórtáil in ord íslitheach ón gceann is airde go dtí an ceann is ísle.

Is é an cion idir baineannaigh agus fireannaigh i gceathrú 1: ceathairíl uachtarach ná 50.91% baineann go 48.98% fireann

3. RÁITEAS AR BHEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ 2024

Ríomhann an Bhearna Pá Inscne an difríocht chéatadáin idir meántuilleamh na bhfear agus na mban beag beann ar a ról. Ní hionann an Bhearna Pá Inscne agus pá comhionann. Íoctar go cothrom le gach fostaí fireann agus baineann i mBord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí as obair atá mar an gcéanna nó mar an gcéanna. Ní scrúdaítear sa tuarascáil seo pá comhionann.

Déanann an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, scálaí tuarastail na mBord Oideachais agus Oiliúna a fhaomhadh. Níl aon solúbthacht ann scálaí tuarastail eile a chur i bhfeidhm maidir le tacar sainscileanna ar bith. Tarlaíonn sé ó am go ham go bhfuil fostaí nua ag bogadh ó phost sa tseirbhís phoiblí. Má cheaptar é/í i bpost a mheastar go bhfuil sé analógach leis an ngrád/scála atá aige/aici cheana féin, d'fhéadfaí an fostaí nua a cheapadh ag an bpointe atá acu ar an scála ag an am sin.

Cloíann BOO Chiarraí le gach scála seirbhíse poiblí agus le gach comhaontú pá atá ann. Cinntíonn sé seo go n-íoctar gach duine go cothrom don obair a dhéantar nó d'obair atá cosúil leis an obair sin. Cloímid freisin le Ciorclán 47/2020 – Socruithe athbhreithnithe maidir le pá tosaigh. Sa chiorclán seo deirtear go gcaithimid daoine a cheapadh ag an íospointe ar an scála.

Déanann BOO Chiarraí a dhícheall dul de réir an dea-chleachtais agus déantar cinnte de go bhfuil rochtain ag cách ar ár n-áiteanna oibre. Tá oiliúint faighte ag gach ball de na boird roghnúcháin agallaimh maidir leis an gclaontacht neamh-chomhfhiosach agus cúrsaí míchumais agus déanann siad cinnte de go bhfuil gach polasaí agus nós imeachta ionchuimsitheach agus inrochtana.

Cad is cúis leis na difríochtaí inscne ná go bhfuil níos mó mná ná fir fostaithe ag BOO Chiarraí i mbeagnach gach grád. Mar sin, d'fhéadfaí an cheist a chur – cén fáth an bhfuil bearna phá idir na hinscní ann? Taispeánann an anailís atá déanta againn gurb iad mná, den chuid is mó, a bhaineann leas as scéimeanna a oireann do theaghlaigh. Má bheartaíonn fostaithe post a roinnt, bliain oibre níos giorra a bheith acu srl. laghdófar a bpá bliantúlaithe agus is iad mná den chuid is mó sa BOO a bhaineann leas as scéimeanna atá oiriúnach do theaghlaigh. Dá bharr sin, tagann bearna phá chun cinn idir na hinscní.

Bíonn tionchar ag an gcúis atá leis na difríochtaí idir na hinscní maidir leis an mbearna pá

1. patrúin oibre – is iad na mná i mBOO Chiarraí den chuid is mó atá ag baint leasa as socruithe oibre solúbtha (ní théann sé seo i bhfeidhm ar an ráta pá in aghaidh na huaire),
2. ciallaíonn fad seirbhíse mar dhul chun cinn incriminteach go dtosaíonn tosaithe nua de ghnáth ag pointe níos ísle den scála tuarastail incriminteach,
3. Is féidir le miondealú inscne ar ról shinsearacha mar líon beag fostaithe ar phá níos airde tionchar a imirt ar an meánfhigiúr.

Cuireann BOO Chiarraí réimse leathan roghanna solúbtha oibre agus saoire ar fáil do chách fostaithe lena n-áirítear saoire cúramóra, saoire do thuismitheoirí, saoire do thuismitheoirí, comhroinnt poist/roinn oibre, sos gairme srl.

Leanfaidh BOO Chiarraí air anailís a dhéanamh ar ár dtuarascálacha bliantúla ar Bhearnaí Phá idir na hinscní, agus forbróimid gníomhartha agus tionscnaimh mar is gá sna blianta atá romhainn chun dul i ngleic le saincheistanna a thagann chun cinn, tar éis dul i gcomhairle nuair is cuí leis an Roinn Oideachais/an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.